2025/904

14.5.2025

CINNEADH (CBES) 2025/904 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Bealtaine 2025

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Tá sé measta ag an gComhairle go bhfuil caidreamh comhleasa agus comhthacaíochta ann idir Rialtas Chónaidhm na Rúise agus príomhdhaoine gnó a bhíonn ag oibriú sa Rúis. Go háirithe, chuir Rialtas Chónaidhm na Rúise ar chumas príomhdhaoine gnó Rúiseacha a saibhreas a charnadh trí shochar a bhaint as acmhainní nádúrtha agus acmhainní poiblí eile. Sa timpeallacht sin, tugadh tacaíocht pholaitiúil agus rochtain phribhléideach ar acmhainní stáit do phríomhdhaoine gnó, mar chúiteamh ar a ndílseacht agus a ngníomhaíochtaí a ailíniú go dlúth le leasanna an réimis, agus bhí siad ríthábhachtach dá rath eacnamaíoch. Bhí cinntí na Comhairle i gcoinne príomhdhaoine gnó áirithe bunaithe, *inter alia*, ar mheasúnú ar thábhacht a ngníomhaíochtaí do gheilleagar na Rúise agus i bhfianaise a stádais shocheacnamaíoch, a tugadh faoi deara tráth a liostaithe tosaigh.

(3) Tá sé measta ag an gComhairle go bhfuil príomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa Rúis fós ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus *vice versa*, ó forchuireadh bearta sriantacha ag an Aontas mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Díorthaítear an tairbhe sin, go háirithe, trí chinntí ó Rialtas Chónaidhm na Rúise arb é is aidhm dóibh tionchar bhearta sriantacha an Aontais i gcoinne daoine aonair agus eintiteas liostaithe a mhaolú. Áirítear i gcinntí den sórt sin reachtaíocht lena gcuirtear ar chumas na ndaoine aonair den sórt sin agus na n-eintiteas sin struchtúir úinéireachta ábhartha a cheilt, a sócmhainní agus a leasanna a chosaint go héifeachtach, rud a léiríonn tuilleadh caidreamh marthanach idirspleáchais idir príomhdhaoine gnó agus Rialtas Chónaidhm na Rúise. Ina theannta sin, tá rochtain ar chlárlanna corparáideacha ag éirí níos srianta, rud a chuireann teorainn leis an féidearthacht faisnéis iontaofa a fháil faoi ghabháltais ghnó agus faoi ghníomhaíochtaí gnó laistigh den Rúis. In éagmais cumhachtaí imscrúdaitheacha sa Rúis, braitheann measúnú údaráis an Aontais ar fhoinsí faisnéise atá ar fáil go poiblí. Sna himthosca áirithe sin, thug an Chomhairle faoi deara go bhfuil méadú ag teacht ar na deacrachtaí fianaise shonrach agus faisnéis oibiachtúil a fháil maidir leis an tábhacht eacnamaíoch, sealúchais chaipitil, gníomhaíochtaí gnó nó staid ghairmiúil agus shocheacnamaíoch na ndaoine a shainaithin an Chomhairle mar phríomhdhaoine gnó ó mhí Feabhra 2022. I gcásanna ina gceadaítear le reachtaíocht na Rúise faisnéis atá i gcláir phoiblí náisiúnta nó i mbunachair sonraí a chur faoi chois, nó a cheilt nó i gcásanna gceadaítear fáisnéis bhréagach nó mhíthreorach a iontráil iontu, is iomchuí a mheas go bhfuil an fhaisnéis dheireanach atá ar fáil a théann siar go dtí an 24 Feabhra 2022 cruinn mura bhfuil faisnéis níos déanaí agus níos iontaofa ar fáil.

(4) Thug an Chomhairle faoi deara freisin go raibh príomhdhaoine gnó áirithe i mbun cleachtas córasach scaireanna a aistriú nó éirí as príomhfheidhmeanna, go minic chun a sócmhainní a cheilt nó chun dul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais agus smacht á choinneáil acu ag an am céanna ar na hacmhainní atá ar fáil dóibh. Dá bhrí sin, measann an Chomhairle gur cheart daoine a bhí rannpháirteach in aistriú úinéireachta, aistriú rialaithe nó aistriú sochair eacnamaíoch príomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa Rúis nó a chumasaigh na haistrithe sin ar shlí eile a ainmniú freisin mar dhaoine liostaithe de réir mar is iomchuí, chun an baol go gcuirfí bearta sriantacha an Aontais ó rath a sheachaint agus chun brú a mhéadú ar Rialtas Chónaidhm na Rúise deireadh a chur lena chogadh foghach ar an Úcráin.

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

(5) Thairis sin, is iomchuí freisin a thoimhdiú nach ndéanann modhnuithe ar na struchtúir úinéireachta a bhaineann le príomhdhaoine gnó nó ar shuíomhanna, príomhdhaoine gnó tar éis a liostaithe tosaigh difear dá staid shocheacnamaíoch, mar a léiríodh tráth an liostaithe tosaigh. Is iomchuí freisin glacadh leis gur éascaigh aistrithe a tharla an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin lena raibh baint dhíreach nó indíreach ag príomhdhaoine gnó éascaíocht a dhéanamh ar cheilt leasanna úinéireachta nó rialaithe agus, ar an gcaoi sin, bac suntasach a chur ar bhearta sriantacha an Aontais.

(6) Tá údar maith le hainmniú príomhdhaoine gnó mar dhaoine liostaithe a choinneáil faoi na critéir a leagtar amach in Airteagal 1(1), pointe (e), agus Airteagal 2(1), pointe (g), de Chinneadh 2014/145/CBES, mura rud é go dtacaíonn faisnéis le déanaí agus iontaofa, lena n-áirítear cláir phoiblí nó bunachair sonraí, le héilimh maidir le haistriú scaireanna, éirí as feidhmeanna nó gníomhaíochtaí comhchosúla, ar faisnéis í ar féidir a mheas go réasúnta gur leor í chun a mheas go bhfuil staid na ndaoine liostaithe lena mbaineann athraithe ar bhealach ábhartha, rud a léiríonn ar an gcaoi sin nach gcomhlíonann siad na critéir ábhartha a thuilleadh. D'fhéadfadh sé, mar shampla, nach bhféadfaí a mheas a thuilleadh go bhfuil tábhacht agus tionchar ag na daoine lena mbaineann a thuilleadh go háirithe i bhfianaise, a stádais gairmiúil, a dtábhachtaí atá a ngníomhaíochtaí eacnamaíochta, méid a sealbhuithe caipitil nó a bhfeidhmeanna laistigh de ghnóthas amháin nó níos mó nó de chomhlachas gnó amháin nó níos mó ina ndéanann siad na gníomhaíochtaí sin.. Ba cheart don Chomhairle a chur san áireamh freisin, de réir mar is iomchuí, más rud é gur cháin an duine lena mbaineann cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a cháineadh gan débhrí, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(j) daoine nádúrtha a bhí rannpháirteach in aistrithe úinéireachta, rialaithe nó tairbhe eacnamaíche leasanna gnó príomhdhaoine gnó atá faoi réir bearta sriantacha an Aontais de bhun an chritéir faoi phointe (e) den mhír seo agus mar a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, nó a chuimsigh aistriú na leasanna sin ar shlí eile, agus ar an gcaoi sin chur siad bac suntasach ar na bearta sin, cé is moite d'aistrithe a cheadaítear go sainráite de bhun maoluithe agus díolúintí arna leagan síos sa Chinneadh seo, i gCinneadh 2014/512/CBES, nó i Rialacháin (AE) Uimh. 269/2014 nó (AE) Uimh. 833/2014,';

(2) in Airteagal 2(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(m) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhí rannpháirteach in aistrithe úinéireachta, rialaithe nó tairbhe eacnamaíche leasanna gnó príomhdhaoine gnó atá faoi réir bearta sriantacha an Aontais de bhun an Chinnidh seo de bhun an chritéir a leagtar amach i bpointe (g) den mhír seo agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, nó a a chuimsigh aistriú na leasanna sin ar shlí eile, cé is moite d'aistrithe a cheadaítear sa Chinneadh seo, i gCinneadh 2014/512/CBES, nó i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 nó (AE) Uimh. 833/2014,';

(3) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 2b*

Príomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa Rúis a liostaítear san Iarscríbhinn de bhun Airteagal 1(1), pointe (e), agus Airteagal 2(1), pointe (g), agus a mhaíonn gur aistrigh siad úinéireacht, rialú nó tairbhe eacnamaíoch a leasanna gnó an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin, measfar fós gur príomhdhaoine gnó iad agus coinneofar sa liosta atá leagtha amach san Iarscríbhinn iad, ach amháin má léirítear le faisnéis leormhaith iontaofa, arb í an fhaisnéis is déanaí í, nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach in Airteagal 1(1), pointe (e), agus in Airteagal 2(1), pointe (g).'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Bealtaine 2025.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. DOMAŃSKI